

# Bochtanas.

Deich mbliana ó shin, bhí dul chun cinn eacnamaíochta na tíre seo - An Tíogar Ceilteach - le feiceáil gach áit. Ach fós tá daoine ina gcónaí ar na sráideanna in Éirinn. Níl sé ceart, cóir ná cothrom. Ná déan dearmad ach oiread ar sheanáirí atá ar phinsean íseal. Is minic a bhíonn ganntanas airgid ar thuismitheoirí aonair agus ar dhaoine atá dífhostaithe. Cé go raibh cuid mhór airgid sa tír, tá daoine ann fós atá gan obair. Amharc fosta ar an airgead a chaitear ag na scipéid gach lá - Gan trácht ar an Nollaig. Ag an am céanna, tá an Rialtas ag iarraidh ar dhaoine áirithe maireachtáil ar 120 euró sa tseachtain!

Sa lá atá inniu ann bíonn brú uafásach ar dhaoine airgead a chaitheamh. Ag ócáidí áirithe cosúil leis an Nollaig, tús na scoilbliana agus féilte ar nós an Chéad Comaoineach, bíonn ualach costais trom ar dhaoine. Bíonn páistí ag amharc ar na fógraí teilifíse ag súil le bréagáin atá iontach costasach. Ní féidir le thuismitheoirí bochta na rudaí seo a chur ar fáil dóibh. Go minic ní fheiceann an pobal na daoine bochta seo. Fanann siad sa bhaile agus mothaíonn siad imeallaithe. Tá údar imní ann gan amhras.

Ar an drochuair, bíonn fulaingt níos measa le feiceáil sa Tríú Domhan. Is rud uafásach iad na híomhánna millteanacha a bhíonn sna páipéir nuachta agus ar an teilifís beagnach gach lá den tseachtain.

Faigheann níos mó ná 35,000 duine bás gach lá sna tíortha bochta. Bíonn ocras ar bheagnach 95 milliún leanbh agus iad ag dul a chodladh gach oíche.

Tá eagraíochtaí ar nós *Gorta, Trócaire, Concern* agus *Goal* ag déanamh obair den scoth sna tíortha sin. Cuireann siad uisce glan ar fail sna tíortha ina mbíonn siad ag obair. Is é an polasaí atá acu ná cuidiú a thabhairt do dhaoine cabhrú leo féin, agus gan gach rud a thabhairt amach saor in aisce i gcónaí.

Tá go leor carthanas ag cuidiú le daoine bochta in Éirinn chomh maith. Déanann *Cumann Naomh Uinseann de Pól* sárobair mar shampla. Tá eagraíochtaí áitiúla cosúil le *Meals on Wheels* i mbeagnach gach ceantar in Éirinn, ag cuidiú le daoine nach bhfuil in ann béilí a ullmhú dóibh féin. Tá obair fhiúntach ar siúl ag *Alone* i mBaile Átha Cliath ag cuidiú le seandaoine aonaracha. Níl an córas stáit ábalta freastal ar gach duine, go háirithe seandaoine atá ina gcónaí ina n-aonar. Dá bhrí sin, tá *Alone* ann chun tacaíocht a thabhairt dóibh.

Tá saol an mhada bháin ag cuid againn, buíochas le Dia. Ach leis an "credit crunch" le feiceáil le déanaí, tá sé tábhachtach go dtuigimid go bhfuil daoine faoi bhrú. B'fhéidir go bhfuil siad in umar na haimléise fiú. B'fhéidir go bhfuil siad béaldorais linn...